II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2020/1555 ÓN gCOMHAIRLE

an 22 Deireadh Fómhair 2020

lena gceaptar comhalta de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 300(2) agus Airteagal 302 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/853 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Ag féachaint don togra ó Phoblacht na Laitvia,

Tar éis di dul i gcomhairle leis an gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chuaigh téarma oifige chomhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa in éag an 20 Meán Fómhair 2020.

(2) An 2 Deireadh Fómhair 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/1392 lena gceaptar comhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025, agus lena n-aisghairtear agus lena n-ionadaítear an Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025 a glacadh an 18 Meán Fómhair 2020 ([2]). Fágadh suíochán amháin ar Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa do Phoblacht na Laitvia folamh agus ba ghá é a líonadh trí chinneadh ceapacháin ina dhiaidh sin, agus é á chur i bhfeidhm go haisghníomhach amhail ón 21 Meán Fómhair 2020.

(3) Le litir dar dáta an 21 Meán Fómhair 2020, dhaingnigh Poblacht na Laitvia ainmniúchán Katrīna LEITĀNE lena ceapadh mar chomhalta de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025, chun a liosta comhaltaí a chomhlánú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Katrīna LEITĀNE, *Representative of the National Youth Council of Latvia*, ina comhalta de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige amhail ón 21 Meán Fómhair 2020.

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 15.
([2]) IO L 322, 5.10.2020, lch. 1.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22 Deireadh Fómhair 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. ROTH